# Treoirlínte Scéim Maoinithe Féilte & Imeachtaí

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council




## Treoirlínte

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council
An Roinn Forbartha Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Turasóireachta
Economic, Enterprise and Tourism Development

# 1. DÁTAÍ TÁBHACHTACHA

| | |
|---|---|
| **OSCAILT NA SCÉIME** | **an 14 Nollaig 2021** |
| **DÁTA DEIRIDH A NGLACFAR LE HIARRATAIS** | **an 4 Feabhra 2022** |

# 2. Réamhrá

Bunaíodh Aonad Imeachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall in 2010 chun imeachtaí a bhíonn á reáchtáil ar fud an Chontae a eagrú agus tacú leo. Ó bunaíodh an tAonad Imeachtaí, tá méadú suntasach tagtha ar iarratais ar imeachtaí. Is éard atá sa chlár tacaíochta meascán d'imeachtaí de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall, imeachtaí atá á reáchtáil i gcomhpháirt le comhlachtaí eile a bhfuil cuspóirí cosúla acu, agus imeachtaí eagraithe ag eagraíochtaí seachtracha a fhaigheann maoiniú go díreach ó Chomhairle Contae Fhine Gall trí chlár cúnaimh airgeadais..

Is ionann Féilte agus Imeachtaí agus bealach chun cruthaitheacht agus éagsúlacht a cheiliúradh agus tá tionchar an-dearfach acu ar shaibhreas cultúrtha Fhine Gall. Gach bliain, reáchtáiltear beagnach 70 imeacht ar fud an chontae, idir mórfhéilte ceoil agus amharclannaíochta agus féilte bia mara, féilte áitiúla samhraidh, imeachtaí agus paráidí atá á reáchtáil ag pobail. Is deis atá ann do na hearnálacha ealaíon, spóirt, bia, staire agus siamsaíochta iad féin a chur i láthair an phobail agus ceiliúradh a dhéanamh ar shaibhreas stíleanna maireachtála agus réimsí spéise. Cruthaíonn siad buntáistí geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha do phobail. I gcomhthéacs geilleagrach, spreagann imeachtaí fás an gheilleagair áitiúil agus i gcomhthéacs sóisialta, tacaíonn siad le mórtas pobail, soláthraíonn siad oideachas agus neartaíonn siad caidreamh pobail.



**70 imeacht**

***Gach bliain, reáchtáiltear beagnach 70 imeacht ar fud an chontae***

Deis atá sa scéim seo maoiniú a fháil faoi thrí Shnáithe le haghaidh Féilte & Imeachtaí a bheidh á reáchtáil in 2022.

Seo a leanas na trí shnáithe de mhaoiniú le haghaidh Imeachtaí agus Féilte:

**S1:** Soláthar agus Clársceidealú Féilte & Imeachtaí Mionscála & Nua

**S2:** Soláthar agus Clársceidealú Féilte agus Imeachtaí Meánmhéide agus Mórscála

**S3:** Forbairt agus Inbhuanaitheacht Gheilleagrach Féilte agus Imeachtaí

**Bhí dúshláin le sárú againn ar fad i rith 2020 & 2021 agus b'éigean dúinn smaoineamh ar bhealaí difriúla chun freastal ar ár bpobal.**



# 3. Freagairt do Covid-19

## Nóta maidir le Treoir Sláinte Poiblí a bhaineann le Covid-19

Nuair a bheidh do thogra á ullmhú agat, ba cheart duit é a bhunú ar an gcomhairle agus treoir sláinte poiblí a bheidh ar fáil nuair a bheidh d'iarratas á dhéanamh agat.



Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil an méid atá beartaithe agat indéanta nó inoiriúnaithe sa chás go mbíonn ort bearta scartha shóisialta agus/nó bearta sláinte poiblí eile a chur san áireamh i rith na tréimhse ar fad nó cuid den tréimhse lena mbaineann an togra seo.

Sa chás go n-éiríonn le d'iarratas agus gur gá duit cuid de do thogra nó do thogra ar fad a athrú bunaithe ar chomhairle sláinte poiblí atá athraithe, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le Féilte & Imeachtaí roimh ré chun cúrsaí a phlé.

Tá tuilleadh treorach maidir le Treoir Sláinte Poiblí le fáil ar shuíomh gréasáin FSS agus an Rialtais agus tugtar an t-eolas cothrom le dáta go minic.

**www2.hse.ie/conditions/covid19/**

Mar fhreagairt do COVID-19, ba cheart d'iarratasóirí breithniú a dhéanamh freisin ar ghnéithe a d'fhéadfaí a dhigitiú, agus a leithéid sin de ghnéithe a shonrú, chun cabhrú leis an riosca go mbeidh sé riachtanach féile/imeacht a chur ar ceal ar fad a mhaolú.

Ní mór go léireofaí i ngach iarratas go bhfuil breithniú déanta ar threoirlínte agus ar shrianta náisiúnta COVID-19 agus go bhfuil nósanna imeachta measúnaithe riosca soiléire bunaithe agus go bhfuil ráitis mhodha Sláinte agus Sábháilteachta á gcur chun feidhme, arb ionann iad agus modh chun riosca COVID-19 a bhainistiú.



# 4. Snáitheanna Scéim Maoinithe na bhFéilte agus Imeachtaí

## Snáithe 1– Soláthar agus Clársceidealú Féilte & Imeachtaí Mionscála & Nua

Is é cuspóir Shnáithe 1 tacú le raon éagsúil Féilte agus Imeachtaí lena n-áirítear féilte agus imeachtaí beaga, deonacha agus pobalbhunaithe. Cé go bhféadfaí an raon gníomhaíochtaí a chur in iúl i bhfoirmeacha éagsúla, leagtar béim sna scéimeanna ar rannpháirtíocht phoiblí agus beocht spásanna poiblí.

Breithneofar mar chuid den scéim iarratais ó eagraithe Féilte agus Imeachtaí ar mian leo maoiniú a infheistiú go díreach i ngníomhaíochtaí cultúrtha a chuireann le agus a sholáthraíonn clársceidealú breise le haghaidh gníomhaíochtaí Féilte nó Imeachtaí atá á reáchtáil cheana féin nach mbeadh cáilithe ina n-aonar b’fhéidir.



# Snáithe 1 – Soláthar agus Clársceidealú Féilte agus Imeachtaí Mionscála & Nua

## Faisnéis Ghinearálta

- Ní mór gach iarratas a dhéanamh roimh an spriocdháta. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha/ neamhiomlána
- Is é **€4,500 an t-uasmhéid** tacaíochta airgeadais is féidir iarratas a dhéanamh air faoin deontas seo
- Glactar leis go raibh nó go mbeifear ag súil le lucht freastail níos lú ná **1,000 duine** ag féilte agus imeachtaí mionscála

Tá cead ag grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil Imeachtaí agus Féilte á n-eagrú acu in 2022 cur isteach ar an scéim. Ní mór an méid seo a leanas a chomhlíonadh chun a bheith cáilithe chun maoiniú a fháil don imeacht:

- Ní mór go mbeadh spéis ag pobal ginearálta ann agus go mbeadh sé cuimsitheach ar bhonn sóisialta.
- Ní mór léargas soiléir a thabhairt ar an bpoitéinseal atá ann buntáistí geilleagracha,sóisialta agus/nó cultúrtha atá soiléir agus intomhaiste a fhorbairt lena n-áirítear tionchair turasóireachta más cuí
- Ní mór cur le féilire imeachtaí an Chontae chomh fada is a bhaineann le cuairteoirí ó thar lear a mhealladh
- Ní mór spásanna poiblí a thabhairt chun beochta ar bhealaí cruthaitheacha agus nuálacha laistigh den Chontae
- Ní mór léargas a thabhairt ar inbhuanaitheacht airgeadais agus ar an acmhainn an t-imeacht a fhorbairt.
- Ní mór plean soiléir caidrimh phoiblí agus margaíochta a bheith bunaithe lena n-áirítear straitéis chun poiblíocht a dhéanamh ar an imeacht ar bhonn gníomhach
- Ní mór aitheantas a thabhairt do thacaíocht atá faighte ar gach ábhar poiblíochta (féach ar na treoirlínte branda)

## Maoiniú Critéir

**Critéir Mhaoinithe - An marc iomlán atá ar fáil – 100 marc** (íosmhéid 50 marc)

Ní mór don Fhéile nó Imeacht tús áite a thabhairt do na deiseanna atá á gcruthú do dhaoine gníomhaíochtaí cultúrtha ina gceantar áitiúil a bhlaiseadh agus a rochtain.

- Ní mór léargas a thabhairt ar an mbuntáiste don phobal a eascraíonn as Féilte / Imeachtaí a fhorbairt i bhFine Gall – 25 marc
- Ní mór Fianaise ar Thaithí Roimhe Seo ar imeacht a reáchtáil a sholáthar, lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí agus rannpháirtíochtaí - 15 marc
- Ní mór spásanna poiblí a thabhairt chun beochta ar bhealaí cruthaitheacha agus nuálacha – 15 marc
- Ní mór féidearthacht an bhuiséid agus an sceidil léirithe atá molta a léiriú – 15 marc
- Ní mór aird a tharraingt ar an tionchar a bheidh ag d'fhéile / d'imeacht ar na réimsí seo a leanas - 20 marc
  - (i) Sóisialta/Pobail
  - (ii) Cultúrtha
  - (iii) Geilleagrach
  - (iv) Comhshaoil
- Ní mór a léiriú conas atá sé beartaithe agat margaíocht a dhéanamh ar an bhféile / imeacht e.g. trí na meáin shóisialta & brandáil - 10 marc

## Faisnéis riachtanach chun maoiniú a fháil sa chás go n-éiríonn le hiarratas

1. Ní mór foirm iarmheastóireachta comhlánaithe Féile/Imeachta mar aon le cóipeanna d'aon chlúdach sa phreas agus sna meáin a sholáthar
2. Ní mór ráiteas mionsonraithe maidir leis an ioncam agus caiteachas gaolmhar a sholáthar
3. Ní mór fianaise gur tharla an t-imeacht a sholáthar, e.g., clár/bróisiúr, gearrthóga nuachtáin, grianghraif, ábhar poiblíochta etc. Uasmhéid 3- 5 leathanach de shamplaí
4. Ní mór fianaise a sholáthar go bhfuil tacaíocht faighte ó Chomhairle Contae Fhine Gall - e.g., gabháil scáileáin den suíomh gréasáin/gearrthóga nuachtáin/cóip de phóstaeir etc.
5. Ní mór aon mhionsonraí nó eolas eile a iarrtar a sholáthar

# Snáitheanna Scéim Maoinithe na bhFéilte agus Imeachtaí

## Snáithe 2 – Soláthar agus Clársceidealú Féilte & Imeachtaí Meánmhéide agus Mórscála

Tá taithí ag Fine Gall ar éifeacht bhunathraitheach féilte agus imeachtaí i gcomhthéacs tacar nua luachanna, tairiscintí agus féiniúlachta a roinnt leis an domhan mór. Dá réir sin, is é cuspóir **Shnáithe 2** tacú le raon leathan féilte agus imeachtaí a bhfuil sé mar aidhm leo clársceidealú agus reáchtáil féilte agus imeachtaí i bhFine Gall a fheabhsú. Cé go mb'fhéidir go bhféadfaí iad seo a chur i láthair i bhfoirmeacha éagsúla, tá béim á leagan ag an scéim ar rannpháirtíocht phoiblí agus ar ghníomhaíochtaí a leagan béim ar leith ar chultúr ina gclár foriomlán.

Tá iarratais á lorg ag an scéim ó eagraíochtaí, féile agus imeachtaí meánmhéide agus móra lena n-áirítear iad siúd a bhfuil féilte nó imeachtaí nua á moladh acu. Glacfaidh an scéim le hiarratais ó dhaoine a bhfuil maoiniú á lorg acu le hinfheistiú go díreach i ngníomhaíochtaí cultúrtha a chuireann le agus a sholáthraíonn clársceidealú breise le haghaidh gníomhaíochtaí féilte nó imeachtaí atá á reáchtáil cheana féin nach mbeadh cáilithe ina n-aonar b'fhéidir.



# Snáithe 2 – Soláthar agus Clársceidealú Féilte agus Imeachtaí Meánmhéide agus Mórscála

## Eolas Ginearálta

- Ní mór gach iarratas a dhéanamh roimh an spriocdháta. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha/ neamhiomlána
- Is é **€15,000 an t-uasmhéid** tacaíochta airgeadais is féidir iarratas a dhéanamh air faoin deontas seo
- Glactar leis go raibh nó go mbeifear ag súil le lucht freastail níos lú ná **1,000 duine** ag féilte agus imeachtaí Shnáithe 2
- Ní mór go mbeadh iarratasóirí in ann fianaise a sholáthar maidir le spéis lucht freastail a mhúscailt, cláir ar ardchaighdeán a sholáthar a mheallann agus a thacaíonn le forbairt turasóireachta agus leis an ngeilleagar áitiúil

  - Ní mór go mbeadh spéis ag pobal ginearálta ann agus go mbeadh sé cuimsitheach ar bhonn sóisialta.
  - Ní mór léargas soiléir a thabhairt ar an bpoitéinseal atá ann buntáistí geilleagracha, sóisialta agus/nó cultúrtha atá soiléir agus intomhaiste a fhorbairt lena n-áirítear tionchair turasóireachta más cuí
  - Ní mór cur le féilire imeachtaí an Chontae chomh fada is a bhaineann le cuairteoirí ó thar lear a mhealladh
  - Ní mór spásanna poiblí a thabhairt chun beochta ar bhealaí cruthaitheacha agus nuálacha laistigh den Chontae
  - Ní mór léargas a thabhairt ar inbhuanaitheacht airgeadais agus ar an acmhainn an t-imeacht a fhorbairt.
  - Ní mór plean soiléir caidrimh phoiblí agus margaíochta a bheith bunaithe lena n-áirítear straitéis chun poiblíocht a dhéanamh ar an imeacht ar bhonn gníomhach
  - Ní mór go mbeadh béim á leagan ar bhuntáiste don gheilleagar áitiúil agus ar ghníomhaíocht turasóireachta sa chlár iomlán nó ní mór go mbeadh an maoiniú a bhfuil iarratas déanta air dírithe go sonrach ar ghníomhaíochtaí den chineál seo. Ní mór go mbeadh sé mar aidhm le margaí áitiúla ceardaí a nglactar leo mar phríomhghné den fhéile nó imeacht tús áite a thabhairt do tháirgí ón gceantar áitiúil.
  - Ní mór aitheantas a thabhairt do thacaíocht atá faighte ar gach ábhar poiblíochta (féach ar na treoirlínte branda)

## Maoiniú Critéir

**Critéir Mhaoinithe - An marc iomlán atá ar – 100 marc** (íosmhéid 50 marc)

- Tairbhe agus buntáiste foriomlán i ndáil le soláthar agus forbairt Féilte agus Imeachtaí i gContae Fhine Gall – 25 marc
- Dea-Theist: Gairmiúlacht, Comhpháirtíochtaí agus Acmhainn Bainistíochta – 15 marc
- Úrnuacht/ nuálaíocht - 15 marc
- Féidearthacht an bhuiséid agus an sceidil léirithe atá molta – 15 marc
- Tionchar - 20 marc
  - (i) Sóisialta/Pobail
  - (ii) Cultúrtha
  - (iii) Geilleagrach
  - (iv) Comhshaoil
- Margaíocht, meáin shóisialta & Brandáil - 10 marc

## Faisnéis riachtanach chun maoiniú a fháil sa chás go n-éiríonn le hiarratas

1. Ní mór foirm iarmheastóireachta comhlánaithe Féile/Imeachta mar aon le cóipeanna d'aon chlúdach sa phreas agus sna meáin a sholáthar
2. Ní mór ráiteas mionsonraithe maidir leis an ioncam agus caiteachas gaolmhar a sholáthar
3. Ní mór fianaise gur tharla an t-imeacht a sholáthar, e.g., clár/bróisiúr, gearrthóga nuachtáin, grianghraif, ábhar poiblíochta etc. Uasmhéid 3- 5 leathanach de shamplaí
4. Ní mór fianaise a sholáthar go bhfuil tacaíocht faighte ó Chomhairle Contae Fhine Gall - e.g., gabháil scáileáin den suíomh gréasáin/gearrthóga nuachtáin/cóip de phóstaeir etc.
5. Ní mór aon mhionsonraí nó eolas eile a iarrtar a sholáthar

# Snáitheanna Scéim Maoinithe na bhFéilte agus Imeachtaí

## Snáithe 3 – Forbairt & Inbhuanaitheacht Gheilleagrach Féilte agus Imeachtaí

Tá sé mar aidhm le **Snáithe 3** gníomhartha a mhaoiniú a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach féilte/imeachtaí. Tá sé mar aidhm leis an tSnáithe seo tacú le forbairt struchtúr eagraíochtúil agus nithe cosúil leo seo a leanas a chur i gcrích - staidéar féidearthachta; forbairt plean gnó; athbhreithnithe ar struchtúir rialachais; coincheapa nua féilte/imeachtaí a fhorbairt; straitéisí margaíochta agus forbartha lucht freastail; forbairt branda; tionscnaimh bhraislithe a thacaíonn le comhoibriú trí acmhainní comhroinnte agus/ nó saineolas i measc dhá fhéile/ imeacht nó níos mó agus deiseanna oiliúna.

Ní chuireann iarratais a bhfuil maoiniú Shnáithe 3 á lorg acu de cheangal ar Chomhairle Contae Fhine Gall an maoiniú seo a leithdháileadh.



# Snáithe 3 – Forbairt & Inbhuanaitheacht Gheilleagrach Féilte agus Imeachtaí

## Faisnéis Ghinearálta

- Ní mór gach iarratas a dhéanamh roimh an spriocdháta. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha/ neamhiomlána
- Is é **€7,500 an t-uasmhéid** tacaíochta airgeadais is féidir iarratas a dhéanamh air faoin deontas seo
- Mura mian leat ACH iarratas a dhéanamh ar Shnáithe 3: Féilte agus Imeachtaí Forbairt & Inbhuanaitheacht Gheilleagrach gan iarratas a dhéanamh ar Shnáithe 1 nó 2, iarraimid ort teagmháil a dhéanamh lenár n-oifig go díreach. Seol ríomhphost chuig: **events@fingal.ie** chun do spéis a chlárú

Ní mór go mbeadh béim á leagan ar chultúr, ealaíon agus / nó gníomhaíocht taispeántais sa chlár iomlán nó ní mór go mbeadh an maoiniú a bhfuil iarratas déanta air dírithe go sonrach ar ghníomhaíochtaí den chineál seo

- Ní mór go mbeadh spéis ag pobal ginearálta ann agus go mbeadh sé cuimsitheach ar bhonn sóisialta.
- Ní mór léargas soiléir a thabhairt ar an bpoitéinseal atá ann buntáistí geilleagracha, sóisialta agus/nó cultúrtha a chruthú lena n-áirítear tionchair turasóireachta más cuí.
- Ní mór cur le féilire imeachtaí an Chontae chomh fada is a bhaineann le cuairteoirí ó thar lear a mhealladh
- Ní mór cuspóir an Aonaid Imeachtaí a chomhlíonadh, is é sin clár éagsúil imeachtaí a fhorbairt i rith na bliana lena n-áirítear, ábhar, scaipeadh séasúrach agus geografach
- Spásanna poiblí a thabhairt chun beochta ar bhealaí cruthaitheacha agus nuálacha laistigh den Chontae
- Ní mór léargas a thabhairt ar inbhuanaitheacht airgeadais agus ar an acmhainn an t-imeacht a fhorbairt.
- Ní mór plean soiléir caidrimh phoiblí agus margaíochta a bheith bunaithe lena n-áirítear straitéis chun poiblíocht a dhéanamh ar an imeacht ar bhonn gníomhach
- Ní mór aitheantas a thabhairt do thacaíocht atá faighte ar gach ábhar poiblíochta (féach ar na treoirlínte branda)

## Maoiniú Critéir

**Critéir Mhaoinithe - An marc iomlán atá ar fáil – 100 marc** (íosmhéid 70 marc)

Ní mór go mbeadh sé mar phríomhchuspóir ag an bhFéile nó Imeacht tús áite a thabhairt do na deiseanna atá á gcruthú do dhaoine gníomhaíochtaí cultúrtha ina gceantar áitiúil a bhlaiseadh agus a rochtain.

- Tairbhe agus buntáiste foriomlán i ndáil le soláthar agus forbairt Féilte agus Imeachtaí i gContae Fhine Gall – 25 marc
- Dea-Theist: Gairmiúlacht, Comhpháirtíochtaí agus Acmhainn Bainistíochta –15 marc
- Úrnuacht/ nuálaíocht - 15 marc
- Féidearthacht an bhuiséid agus an sceidil léirithe atá molta – 15 marc
- Tionchar - 20 marc
  - (i) Sóisialta/Pobal
  - (ii) Cultúrtha
  - (iii) Geilleagrach
  - (iv) Comhshaoil
- Margaíocht, Meáin shóisialta & Brandáil - 10 marc

## Faisnéis riachtanach chun maoiniú a fháil sa chás go n-éiríonn le hiarratas

1. Ní mór foirm iarmheastóireachta comhlánaithe Féile/Imeachta mar aon le cóipeanna d'aon chlúdach sa phreas agus sna meáin a sholáthar
2. Ní mór ráiteas mionsonraithe maidir leis an ioncam agus caiteachas gaolmhar a sholáthar
3. Ní mór fianaise gur tharla an t-imeacht a sholáthar, e.g., clár/bróisiúr, gearrthóga nuachtáin, grianghraif, ábhar poiblíochta etc. Uasmhéid 3- 5 leathanach de shamplaí
4. Ní mór fianaise a sholáthar go bhfuil tacaíocht faighte ó Chomhairle Contae Fhine Gall - e.g., gabháil scáileáin den suíomh gréasáin/gearrthóga nuachtáin/cóip de phóstaeir etc.
5. Ní mór aon mhionsonraí nó eolas eile a iarrtar a sholáthar

# 5. Tosaíochtaí na Scéime

**Tabharfar tús áite do thograí mar seo a leanas:**

- A léiríonn tionchar uileghabhálach sóisialta, cultúrtha agus geilleagrach
- A thacóidh agus a spreagfaidh éagsúlacht agus ionchuimsiú d'fhonn a chinntiú go bhfuil luach comhionann luaite le gach ball den phobal.
- A thugann léargas ar Bhranda Fhine Gall **www.fingal.ie/fingal-county-council-brand-guidelines**
- A sholáthraíonn fianaise ar acmhainn rannpháirtíocht a bhunú le lucht freastail éagsúil trí chlársceidealú ar ardchaighdeán
- Atá dírithe ar bhuntáistí geilleagracha, sóisialta agus/nó cultúrtha atá soiléir agus intomhaiste a fhorbairt lena n-áirítear tionchair turasóireachta más cuí.
- A thugann spásanna poiblí chun beochta ar bhealaí cruthaitheacha agus nuálacha laistigh den Chontae
- A chomhlíonann cuspóir an Aonaid Imeachtaí, is é sin clár éagsúil imeachtaí a fhorbairt i rith na bliana lena n-áirítear, ábhar, scaipeadh séasúrach agus geografach
- A chuireann pleananna teagmhasachta Covid san áireamh agus a bhreithníonn gnéithe a d'fhéadfaí iad a dhigitiú chun cabhrú leis an riosca go mbeidh sé riachtanach féile/ imeacht a chur ar ceal ar fad a mhaolú
- A chloíonn le treoirlínte agus srianta náisiúnta COVID-19 agus a bhunaíonn nósanna imeachta measúnaithe riosca soiléire agus a chuireann ráitis mhodha Sláinte agus Sábháilteachta chun feidhme, arb ionann iad agus modh chun riosca COVID-19 a bhainistiú.
  Féach ar threoir Oifigeach Covid:
  **www.fingal.ie/council/service/event-safety-management**
- A chuireann an Ghaeilge chun cinn go háirithe i rith Sheachtain na Gaeilge
- A thacaíonn le Straitéis Forbartha Turasóireachta Fhine Gall a sholáthar www.fingal.ie/council/service/tourism-fingal
- A léiríonn agus a thacaíonn le modheolaíochta seachadta Féile Ghlais ar mhaithe lenár dtimpeallacht a chaomhnú.
  **www.fingal.ie/council/service/event-safety-management**
- A thugann léargas ar thiomantas Chomhairle Contae Fhine Gall tacú le luach saothair cothrom agus cothromasach d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha ina cláir agus scéimeanna maoinithe agus comhpháirtíochtaí agus caidreamh oibre

# 6. An Próiseas Measúnaithe: Céard a tharlaíonn nuair a dhéanann tú iarratas?

Déanfaidh Painéal Measúnaithe gach iarratas a mheas

Ar dtús déanfar d'iarratas a chatagóiriú agus a athbhreithniú d'fhonn a chinntiú go bhfuil critéir agus critéir incháilitheachta na scéime maoinithe á gcomhlíonadh. Cuirfear aon iarratais nach bhfuil ag teacht leis na treoirlínte incháilitheachta as an áireamh ag an bpointe seo. Ansin déanfaidh Painéal Measúnaithe a bheidh ceaptha ag Comhairle Contae Fhine Gall na hiarratais a mheas.




Buailfidh an Painéal Measúnaithe le chéile agus déanfaidh sé moltaí maidir le gach iarratas cáilithe. Cuirfear moltaí an Phainéil faoi bhráid na Comhairle Iomláine lena gceadú sula n-eiseofar aon tairiscintí foirmiúla. Ansin déanfar teagmháil dhíreach le hiarratasóirí i scríbhinn agus cuirfear scéala chucu maidir le toradh an iarratais atá déanta acu.

Féadfaidh an Painéal Measúnaithe, dá rogha féin, aon iarratais a atreorú chuig Roinn oiriúnach eile de Chomhairle Contae Fhine Gall má mheastar go rachadh a leithéid chun tairbhe an iarratasóra.

Déanann Comhairle Contae Fhine Gall iarratais a mheas chomh tapa agus is féidir, agus cuirfear scéala chuig iarratasóirí laistigh de thréimhse ama oiriúnach.

Foilseofar ainm Féile/ Eagraíochta daoine a fhaigheann maoiniú mar aon le heolas faoi tsuim airgid a bronnadh ar Fingal.ie agus beidh na sonraí seo le fáil freisin i bhFéilire Imeachtaí na Comhairle le haghaidh 2022.



# 7. Costais Incháilithe

***Ráiteas Prionsabal le haghaidh Maoinithe***

Tá Comhairle Contae Fhine Gall á rialú ag Ráiteas Prionsabal le haghaidh Cúnaimh Deontais atá eisithe ag Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Rialtais. Tá an Ráiteas seo bunaithe ar mhaithe le bainistíocht agus cuntasacht as deontais ó Chistí Státchiste a chinntiú.

## Costais Incháilithe

1. Féilte agus Imeachtaí atá lonnaithe laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall.
2. Ní mór na gníomhaíochtaí beartaithe a reáchtáil in **2022**
3. **Clársceidealú** – costas na gníomhaíochta clársceidealaithe roghnaithe sa chás nach bhfuil aon Chúnamh Deontais eile faighte ag an ngné den chlár atá i gceist agus sa chás go mbreithnítear go gcruthóidh sé buntáistí don cheantar áitiúil.
4. **Margaíocht** – costas na ngníomhaíochtaí margaíochta roghnaithe nach bhfuil Cúnamh Deontais faighte acu ó eagraíochtaí eile
5. **Imeachtaí Cónaithe Traschontae** – ní féidir breithniú a dhéanamh ar mhaoiniú a chur ar fáil ach don chuid sin den tionscadal a bheidh á reáchtáil i bhFine Gall
6. **Braisliú** - Féadfaidh dhá fhéile nó níos mó ar mian leo acmhainní dá gcuid a úsáid i dteannta a chéile a bhreithniú ar a n-iarratas
7. **Árachas** - Tá costas a bhaineann leis an imeacht incheadaithe

## Costais Neamh-incháilithe

1. Tograí ó eagraíochtaí tráchtála a roinneann brabúis i measc comhaltaí.
2. Gníomhaíochtaí a bhfuil nó a mbeidh cúnamh deontais ó fhoinsí maoinithe eile á fháil acu.
3. Imeachtaí tiomsaithe airgid do charthanachtaí
4. Féilte/Imeachtaí arb é an t-aon chuspóir atá leo imeacht/comóradh reiligiúnach nó polaitiúil a cheiliúradh
5. Imeachtaí spóirt nach féidir iad a rangú faoi oidhreacht chultúrtha
6. Féilte/Imeachtaí a bhfuil sé beartaithe iad a reáchtáil lasmuigh de Chontae Fhine Gall
7. Costais agus forchostais oibríochtúla laethúla, tuarastail, cíos, táille teileafóin nach mbaineann leis an bhféile, soláthairtí, postas, fótachóipeáil agus bia nó cóiríocht don fhoireann
8. Costais Chaipitil - mar shampla:
   a. Costais tógála lena n-áirítear ceannach, oibreacha agus cothabháil
   b. Trealamh a cheannach, nach bhfuil le húsáid díreach le haghaidh léiriú agus reáchtáil na Féile/an Imeachta.
9. Costais taistil agus ghaolmhara tabhaithe ag nó thar ceann foirne/eagraithe an imeachta mura gceadaíonn Comhairle Contae Fhine Gall a leithéid go sainráite i scríbhinn roimh ré
10. Gníomhaíochtaí nach mbaineann go díreach leis an bhféile/imeacht nó nach bhfuil buntáistí soiléire sóisialta, cultúrtha, comhshaoil agus geilleagracha d'Fhine Gall ag baint leo.
11. Caiteachas nó iasachtaí neamhíoctha
12. Caiteachas airgid
13. Ranníocaíochtaí comhchineáil. Caiteachas íoctha ag duine seachas an Deontaí, mura bhfuil agus chomh fada is go bhfuil caiteachas dá leithéid aisíoctha ag an Deontaí
14. Fíneálacha, íocaíochtaí pionóis, costais dhlíthiúla, táillí iniúchta, táillí comhairleoireachta airgeadais, táille ballraíochta le haghaidh comhlachas trádála nó a comhionann
15. Ní gá go mbainfeadh íoc ranníocaíochta le fiacha roimhe seo a íoc

# *Aguisín 1: Téarmaí agus Coinníollacha & D'iarratas a dhéanamh*

***Téarmaí agus Coinníollacha an Mhaoinithe***

- Tá na Féilte/Imeachtaí a bhfuil maoiniú bronnta orthu mar chuid den bhabhta seo á reáchtáil in 2022
- Ní mór léargas a thabhairt i d'iarratas ar na hiarrachtaí atá déanta maoiniú a fháil ó fhoinsí eile
- Sa chás go mbronntar maoiniú faoin scéim seo, lorgóidh Comhairle Contae Fhine Gall fianaise go bhfuil árachas faighte le haghaidh na féile nó an imeachta sin. Molann Comhairle Contae Fhine Gall go gcinntíonn eagraithe féilte agus imeachtaí go bhfuil árachas cuí faighte sula gcuirtear tús le haon fhéile nó imeacht
- Sa chás go mbronntar ranníocaíocht faoin scéim seo, ní bheidh Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as na socruithe Sláinte & Sábháilteachta don fhéile nó don imeacht sin. Molann Comhairle Contae Fhine Gall go gcinntíonn eagraithe féilte agus imeachtaí go bhfuil an reachtaíocht ábhartha Sláinte & Sábháilteachta cuí á comhlíonadh acu mar aon leis na cóid chleachtais ábhartha
- Sa chás go mbronntar ranníocaíocht faoin scéim seo, ní bheidh Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as na socruithe Sláinte Poiblí don fhéile nó don imeacht sin. Molann Comhairle Contae Fhine Gall go gcinntíonn eagraithe féilte agus imeachtaí go bhfuil an Chomhairle Sláinte Poiblí atá i bhfeidhm nuair a bhíonn an t-imeacht á reáchtáil, go háirithe i ndáil le COVID-19 ábhartha, á comhlíonadh acu. Tá tuilleadh eolais le fáil ag **www.hse.ie**
- Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara nach mbíonn dóthain maoinithe ar fáil riamh le haghaidh na n-iarratas ar fad a fhaightear agus gur scéim iomaíoch í seo. Coimeádann Comhairle Contae Fhine Gall an ceart gan tacú le féilte agus imeachtaí ar cuireadh maoiniú ar fáil lena n-aghaidh roimhe seo
- Ní mór tagairt do Mhaoiniú a fhaightear ó Chomhairle Contae Fhine mar 'Maoiniú Féilte agus Imeachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall' agus é a léiriú leis féin ar thaobh ioncaim/admhálacha na gcuntas.
- Ba cheart d'aon tograí a bhfuil maoiniú faighte acu nach mór an ghníomhaíocht a bhaineann leo a athsceidealú go dtí dáta eile laistigh den amfráma beartaithe nó ar gá an ghníomhaíocht bheartaithe a athrú go suntasach, teagmháil a dhéanamh le Comhairle Contae Fhine Gall trí ríomhphost a sheoladh chuig **events@fingal.ie** láithreach agus eolas maidir leis an togra athbhreithnithe a roinnt. Ní bheidh gníomhaíochtaí nach féidir iad a athsceidealú laistigh den amfráma ceadaithe i dteideal maoiniú a íostarraingt
- Tabhair faoi deara gurb é an t-aon mhodh a úsáidfear chun aon ranníocaíocht maoinithe a íoc Ríomhaistriú Airgid chuig cuntas bainc ainmnithe na heagraíochta
- Foilseofar liosta d'iarratasóirí rathúla ar **www.fingal.ie**
- Cúis áthais do Chomhairle Contae Fhine Gall tacú le agus a hainm a lua leis an obair ar ardchaighdeán atá á déanamh ag cleachtóirí féilte agus imeachtaí atá lonnaithe i bhFine Gall. Cuirfear ár lógónna ar fáil d'iarratasóirí rathúla, agus iarraimid orthu ár lógónna a úsáid ar gach ábhar clóite agus ar líne, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin, aipeanna, físeáin, blaganna, póstaeir, bróisiúir, cuirí agus fógraí a bhaineann leis an tionscadal atá á mhaoiniú. Tá go leor leantóirí ag Comhairle Contae Fhine Gall agus ag Imeachtaí Fhine Gall ar na cainéil meán sóisialta i.e. Facebook agus Twitter. Seol aon phostálacha chugainn nó clibeáil aon phostálacha ba mhaith leat a roinnfimis ar na meáin shóisialta, agus ná déan dearmad grianghraif a chur san áireamh
- Féadfaidh Comhairle Contae Fhine Gall eolas a roinnt leis an bpobal faoi na féilte/imeachtaí maoinithe seo agus eolas faoi na tionscadail seo a roinnt i dtuarascálacha, foilseacháin agus in ábhar poiblíochta. Is leis na hiarratasóirí gach ceart cruthaitheach

## *Treoirlínte maidir le d'iarratas a dhéanamh*

- Sula ndéanann tú iarratas, léigh Doiciméad na dTreoirlínte go cúramach d'fhonn a chinntiú go dtuigeann tú critéir agus téarmaí thrí shnáithe na scéime maoinithe. Tá an seans is fearr ann go n-éireoidh leat má léann tú agus má thuigeann tú na Critéir agus na Treoirlínte incháilitheachta
- Baineann gach rannóg agus na hábhair thacaíochta le critéir shonracha mharcála, agus ba cheart duit a chinntiú go gcuireann tú faisnéis ábhartha ar fáil don phainéal measúnaithe a chuirfidh ar a gcumas do thogra a mheas agus marcanna a shannadh le haghaidh gach rannóg
- Léigh na ceisteanna ar fad sula bhfreagraíonn tú iad
- Ná glac leis go mbeidh an painéal measúnaithe ar an eolas faoi d'Fhéile/d'Imeacht – caith le gach iarratas amhail is gurb é an chéad iarratas atá déanta agat
- Ná déan dearmad go mbeidh roinnt daoine páirteach sa phróiseas cinnteoireachta agus cinntigh go bhfuil d'iarratas soiléir
- Cinntigh go gcomhlánaíonn tú na rannóga ioncaim agus caiteachais den iarratas
- Ná déan dearmad go ndéantar d'iarratas a mheas bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil laistigh de chomhthéacs iomaíoch agus go bhfuil go leor iarratas eile á meas freisin. Dá réir sin, tá sé tábhachtach fianaise a sholáthar maidir le haon éilimh a rinneadh san iarratas e.g. líon daoine a bhí i láthair, maoiniú faighte, comhpháirtíochtaí
- Bíodh tuiscint shoiléir agus réalaíoch agat ar an rud is mian leat a bhaint amach agus cé mhéad a chosnaíonn do thogra
- Soláthair amlíne más cuí agus fianaise go gcuirfear an tionscadal i gcrích laistigh den amfráma sonraithe
- Cinntigh go gceanglaíonn tú/go n-uaslódálann tú na doiciméid iarrtha ar fad
- Fáiltítear roimh thuairimí eile i gcónaí agus is fiú deis a thabhairt do dhuine éigin eile d'iarratas a léamh roimh é a sheoladh ar aghaidh!

### *Riachtanais Theicniúla*

Ba cheart iarratais a dhéanamh tríd an tairseach ar líne ag **www.fingalcoco.submit.com/show/20**
Beidh ort cuntas a chruthú ar dtús. Tabhair faoi deara nach mbreithneofar ach iarratais atá comhlánaithe go hiomlán agus **seolta** chuig Comhairle Contae Fhine ar líne. Dá réir sin, cinntigh go bhfaigheann tú **ríomhphost** ag cur in iúl go bhfuil d'iarratas faighte. Má bhíonn aon deacrachtaí teicniúla agat **seol ríomhphost chuig events@fingal.ie**

### *Seicliosta le haghaidh Doiciméad Tacaíochta*

Molaimid duit go láidir aon ábhar tacaíochta breise atá ábhartha d'iarratas a chur ar fáil (tá liosta d'ábhar tacaíochta molta le fáil thíos)

**Liosta d'ábhar tacaíochta molta:**

- Sa chás go bhfuil comhoibriú le daoine eile i gceist le do thogra, ba cheart duit sonraí a chur ar fáil i ndiaidh cead a fháil uathu/chun tacú le d'iarratas
- Togra tionscadail mhionsonraithe
- Amlíne an tionscadail
- Miondealú buiséid (Cuntas Brabúis & Caillteanais)
- Punann d'Fhéilte/Imeachtaí a reáchtáladh roimhe seo; Punann d'obair a rinneadh roimhe seo (i gcás féilte/ imeachtaí nua)
- Plean Gnó/Plean Straitéise
- Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais (le haghaidh eagraíochtaí nua)
- Meastóireacht ar Lucht Freastail/Straitéis Forbartha Lucht
- Freastail/Measúnú Riosca Straitéis Margaíochta agus Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta

## *Iarratasóirí Rathúla & Neamhrathúla*

### *Iarratasóirí Rathúla*

I ndiaidh do Chomhairle Contae Fhine Gall próiseas roghnúcháin maidir le hiarratais a chur i gcrích, gheobhaidh iarratasóirí ríomhphost agus ní mór dóibh na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil **sé seachtaine ar a laghad roimh reáchtáil an imeachta**

- Foirm Iarratais Imeachta - Le Fáil Anseo: **www.fingal.ie/council/service/event-safety-management**
- Plean Sábháilteachta Bainistíochta Imeachtaí - Le Fáil Anseo: **www.fingal.ie/council/service/event-safety-management**
- Slánú Chomhairle Contae Fhine Gall ar gach Árachas Imeachta lena n-áirítear mionsonraí sonracha láithreáin. Fianaise go gcuirfear / go bhfaighfear árachas oiriúnach le haghaidh gach gné den imeacht, má éiríonn leis an iarratas.
- Rannpháirtíocht le Foirne Oibriúcháin ábhartha Chomhairle Contae Fhine Gall

| | |
|---|---|
| Baile Brigín/Sord | **BalSwoOpArea@fingal.ie** |
| Caisleán Cnucha/Mullach Eadrad | **CasMulOpArea@fingal.ie** |
| Mullach Íde/Binn Éadair | **HowMalOpArea@fingal.ie** |

Chomh maith leis sin, ní mór d'iarratasóirí rathúla freastal ar mhodúl oiliúna Fhéilte agus Imeachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall (a reáchtálfar i Márta 2022) a dhíreoidh ar ábhair cosúil le margaíocht, cumarsáid agus árachas, treoirlínte branda Chomhairle Contae Fhine Gall, Treoir maidir le hiarratas a dhéanamh ar imeacht agus sláinte agus sábháilteacht.

#### *I ndiaidh an Imeachta*

Cuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall an ranníocaíocht cheadaithe ar fáil nuair a bheidh na doiciméid seo a leanas curtha ar fáil ag eagraithe an imeachta d'Aonad Imeachtaí Chomhairle Contae Fhine Gall:

1. Tuarascáil Iar-Imeachta Comhlánaithe.
2. Fianaise gur reáchtáladh an t-imeacht, e.g., fianaise fhótagrafach

### *Iarratasóirí Míratháula*

Gheobhaidh iarratasóirí míratháula scéala maidir le toradh an iarratais a rinne siad go leictreonach.



# *Aguisín 2: Próiseáil Sonraí Pearsanta*

***Saoráil Faisnéise***

Tá Comhairle Contae Fhine Gall clúdaithe ag Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, a sholáthraíonn cearta do bhaill den phobal faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí a rochtain a mhéid agus is féidir, comhsheasmhacht le leas an phobail agus an ceart chun príobháideachta. Ciallaíonn sé seo go bhféadfaí, ar iarratas, sonraí atá le fáil in iarratais agus i ndoiciméid tacaíochta, a chur ar fáil do thríú páirtithe.

***Ráiteas Cosanta Sonraí***

Próiseálfar, stórálfar agus bainisteofar aon fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil dúinn i gcomhréir le Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí an AE.

Is é an cuspóir a bhaineann le do chuid sonraí a phróiseáil d'iarratas ar Scéim Cúnaimh Airgeadais Féilte agus Imeachtaí 2022 a phróiseáil, de réir na gcritéar atá luaite leis an dámhachtain seo. Déanfaidh Painéal Measúnaithe an fhaisnéis a sholáthraíonn tú a mheas. Coimeádfar d'fhaisnéis de réir bheartas RGCS Chomhairle Contae Fhine Gall agus an Bheartais Náisiúnta Choinneála le haghaidh Taifead Údaráis Áitiúil. Mura soláthraíonn tú an fhaisnéis phearsanta a iarrtar, ní bheidh Comhairle Contae Fhine Gall in ann d'iarratas a phróiseáil.

Tá na cearta seo a leanas agat, in imthosca áirithe agus faoi réir díolúintí infheidhme, i ndáil le do shonraí pearsanta:

- an ceart na sonraí pearsanta atá inár seilbh fút a rochtain, mar aon le faisnéis eile a bhaineann le conas a phróiseálaimid na sonraí pearsanta sin
- an ceart a cheangal orainn aon mhíchruinneas a bhaineann le do shonraí pearsanta a cheartú
- an ceart a cheangal orainn do chuid sonraí pearsanta a scriosadh
- an ceart a iarraidh orainn gan do shonraí pearsanta a phróiseáil níos mó le haghaidh cuspóirí áirithe
- an ceart cur i gcoinne úsáid a bheith á baint againn as do chuid sonraí pearsanta nó an bealach a bhfuil na sonraí sin á bpróiseáil againn

Tabhair faoi deara, ar mhaithe le do phríobháideachas a chosaint, go bhfuil céimeanna á gcur i gcrích againn chun d'aitheantas a fhíorú roimh rochtain ar shonraí pearsanta a cheadú.

Más mian leat aon cheann de na cearta seo a fheidhmiú, seol iarratas chuig ár nOifigeach um Chosaint Sonraí agus déan cur síos ar mhionsonraí sonracha an iarrata. Ríomhphost: **dataofficer@Fingal.ie** nó tabhair cuairt ar **www.fingal.ie/council/service/data-protection**

Próiseálfar gach iarrata bailí gan mhoill mhíchuí agus in aon chás laistigh de mhí amháin ó uair a bhfaightear an t-iarraidh. D'fhéadfaí síneadh dhá mhí eile a chur leis an tréimhse seo más gá.



# CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

**Glactar le hiarratais trínár dtairseach ar líne:**

**www.fingalcoco.submit.com/show/20**

**Dáta Deiridh a nglacfar le hiarratais - an 4 Feabhra 2022**

**Ní ghlacfar le hIarratais Dhéanacha / Neamhiomlána**

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

